RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1327 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Lúnasa 2021

lena leasaítear Iarscríbhinní II, IX agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 maidir leis na liostaí de thríú tíortha nó na réigiúin sna tíortha sin a údaraítear le feoil úr ó dhlúthchrúbacha fiáine, táirgí iascaigh ó dhobharshaothrú, agus feithidí a thabhairt isteach san Aontas agus lena gceartaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin maidir leis an liosta de thríú tíortha nó na réigiúin sna tíortha sin a údaraítear le cosa froganna agus seilidí a thabhairt isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a rinneadh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí áirithe a ceapadh lena chaitheamh ag an duine ó thríú tíortha nó ó réigiúin sna tríú tíortha sin a thabhairt isteach san Aontas lena áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sna rialacha maidir le sábháilteacht bia dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625 nó na ceanglais a aithnítear a bheith ar a laghad coibhéiseach leo. Áirítear ar na ceanglais sin sainaithint na n-ainmhithe agus na n-earraí sin a ceapadh lena chaitheamh ag an duine nach féidir a thabhairt isteach san Aontas ach ó thríú tíortha nó ó réigiúin atá liostaithe i gcomhréir le hAirteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

(2) Ní féidir tríú tír nó réigiún den tríú tír sin a áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625 ach amháin i gcás ina gcomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127 de Rialachán (AE) 2017/625, agus na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagal 4(a) go (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625. Is é atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 4(f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 clár rialaithe iarmhar arna fhormheas ag an gCoimisiún a bheith ann, a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl, nuair is infheidhme, i gcomhréir le Treoir 96/23/CE ón gComhairle ([3]).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha agus réigiúin sna tíortha sin a údaraítear le hainmhithe áirithe agus le hearraí áirithe a ceapadh lena chaitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625, agus le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún ([5]) formheastar na pleananna chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar á gcur isteach ag tríú tíortha áirithe maidir le hainmhithe sonracha agus táirgí ainmhithe sonracha atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i dtaobh coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí áirithe a ceapadh lena chaitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

([3]) Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe áirithe agus earraí áirithe a ceapadh lena chaitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

([5]) Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna á gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653 ón gCoimisiún [6] leasaíodh Cinneadh 2011/163/AE agus formheasadh pleananna thríú tíortha áirithe chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar, ar pleananna iad a chomhlíonann an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 4(f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625. Chuir cuid de na tríú tíortha sin fianaise iomchuí agus ráthaíochtaí isteach cheana go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 4(a) go (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 á gcomhlíonadh ag na hainmhithe agus na hearraí lena mbaineann. Dá réir sin, ba cheart na tíortha sin a áireamh dá réir sin sna liostaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.

(5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653 rinne formheas pleananna tríú tíortha áirithe chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar a bhaint nó a shrianadh, ar tíortha iad a áirítear faoi láthair sna liostaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Ba cheart na liostaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir ionas go ndéanfar údarú na dtíortha sin a bhaint nó a shrianadh.

(6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653, formheasadh plean na Namaibe i leith géime fiáine chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar. Ós rud é gur chuir an Namaib a dóthain fianaise agus ráthaíochtaí ar fáil go gcomhlíonann sí ceanglais reachtaíocht an Aontais i dtaobh coinsíneachtaí feola úire, cé is moite de scairteach agus mionfheoil, agus coinsíneachtaí ullmhóidí feola ó dhlúthchrúbacha fiáine a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart an tír sin a chur le liostaí de thríú tíortha a údaraítear le dlúthchrúbacha fiáine a thabhairt isteach san Aontas, ar liosta é a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus an nóta 'géim fiáin amháin' ag dul leis.

(7) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653, formheasadh plean na Nigéire i leith dobharshaothraithe chun faireacháin a dhéanamh ar iarmhar leis an nóta 'seachas éisc eite' ag dul leis. Ós rud é gur chuir an Nigéir a dóthain fianaise agus ráthaíochtaí ar fáil go gcomhlíonann sí ceanglais reachtaíocht an Aontais i dtaobh coinsíneachtaí earraí iascaigh ó dhobharshaothrú a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart iontráil na Nigéire sa liosta a leagtar síos in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú ionas go n-údarófar an tír le coinsíneachtaí táirgí iascaigh ó dhobharshaothrú seachas éisc eite a thabhairt isteach san Aontas.

(8) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653, formheasadh plean Óman i leith dobharshaothraithe chun faireacháin a dhéanamh ar iarmhar leis an nóta 'seachas crústaigh' ag dul leis. Ós rud é gur chuir Óman a dóthain fianaise agus ráthaíochtaí ar fáil go gcomhlíonann sí ceanglais reachtaíocht an Aontais i dtaobh coinsíneachtaí earraí iascaigh ó dhobharshaothrú a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart iontráil Óman sa liosta a leagtar síos in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú ionas go n-údarófar an tír i dtaobh coinsíneachtaí táirgí iascaigh ó dhobharshaothrú seachas crústaigh a thabhairt isteach san Aontas.

(9) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653 cuireadh an nóta 'seachas crústaigh' leis an bhformheas ar na pleananna chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir le dobharshaothrú d'Oileáin Fháclainne, de Mhontainéagró, de Mharacó agus den Úcráin. Dá bhrí sin, níor cheart na tíortha sin a údarú le crústaigh ó dhobharshaothrú a thabhairt isteach san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.

(10) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653 cuireadh an nóta 'seachas crústaigh' le formheas na bpleananna chun faireachán a dhéanamh ar iarmhar maidir le dobharshaothrú de Ghuatamala, de Mhósaimbíc, de Nicearagua agus den Tansáin. Dá bhrí sin, níor cheart na tíortha sin a údarú le héisc eite ó dhobharshaothrú a thabhairt isteach san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.

(11) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653 leasaíodh na fonótaí a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí dobharshaothraithe. Cuireadh 'seachas éisc eite' agus 'seachas crústaigh' in ionad na bhfocal 'crústaigh amháin' agus 'éisc eite amháin', faoi seach. Ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht, is gá foclaíocht na ráitis in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a ailíniú leis an bhfoclaíocht i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653.

(12) An 12 Márta 2021, chuir údarás inniúil na Ríochta Aontaithe an ceistneoir ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin maidir le meastóireacht ar fheithidí a ceapadh lena chaitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas. Thug údarás inniúil na Ríochta Aontaithe freagra sásúil ar na ceisteanna uile, agus dá bhrí sin chuir sé a dhóthain fianaise agus ráthaíochtaí ar fáil don Choimisiún gur comhlíonadh ceanglais atá coibhéiseach le hAirteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625. Ba cheart an Ríocht Aontaithe a áireamh sa liosta de thríú tíortha a údaraítear le coinsíneachtaí feithidí a thabhairt isteach san Aontas, ar liosta é a leagtar síos in Iarscríbhinní XV a ghabhann le

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/653 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/163/AE maidir le formheas pleananna á gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 138, 22.4.2021, lch. 1).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní II, IX agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.

(14) Tá earráidí in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 maidir leis an Airméin agus leis an Asarbaiseáin, earráidí a bhaineann le heasnamh agus le húdarú táirgí. Athraíonn na hearráidí sin brí an téacs.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinní II, IX, XI agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN II

Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feola úire, cé is moite de scairteach agus mionfheoil, agus coinsíneachtaí ullmhóidí feola ó dhlúthchrúbacha fiáine a thabhairt isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 19(2)

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR	NÓTAÍ
NA	An Namaib	Géim fiáin amháin
ZA	An Afraic Theas	Géim fiáin amháin

IARSCRÍBHINN IX

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí táirgí iascaigh áirithe a thabhairt isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 13, Airteagail 18(3), 19(4), agus 20(3), agus Airteagail 22(b) agus 25(d)

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR NÓ RÉIGIÚIN SA TÍR SIN	NÓTAÍ
AE	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	Dobharshaothrú: Amhábhar ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha eile arna bhformheas i dtaobh an amhábhair sin a thabhairt isteach san Aontas, agus é sin amháin
AG	Antigua agus Barbúda	Gliomaigh fhiáine ó ghabháil dúl fiáin amháin
AL	An Albáin	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
AM	An Airméin	Cráifisc fhiáin bheo, cráifisc theaschóireáilte neamhfheirme agus cráifisc reoite neamhfheirme amháin
AO	Angóla	Gabháil dúl fiáin amháin
AR	An Airgintín	
AU	An Astráil	
AZ	An Asarbaiseáin	Caibheár ó ghabháil dúl fiáin amháin
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
BD	An Bhanglaidéis	
BJ	Beinin	Gabháil dúl fiáin amháin
BN	An Bhurúin	Táirgí dobharshaothraithe amháin
BQ	Bonaire, Sint Eustatius, Saba	Gabháil dúl fiáin amháin
BR	An Bhrasaíl	
BS	Na Bahámaí	Gabháil dúl fiáin amháin
BY	An Bhealarúis	
BZ	An Bheilís	Gabháil dúl fiáin amháin
CA	Ceanada	
CG	An Congó	Gabháil dúl fiáin amháin Táirgí iascaigh a dhéantar a ghabháil, a reo agus a phacáil sa phacáistíocht chríochnaitheach ar muir agus na táirgí sin amháin

CH	An Eilvéis ([1])	
CI	An Cósta Eabhair	Gabháil dúl fiáin amháin
CL	An tSile	
CN	An tSín	
CO	An Cholóim	
CR	Cósta Ríce	
CU	Cúba	
CV	Rinn Verde	Gabháil dúl fiáin amháin
CW	Cúrasó	Gabháil dúl fiáin amháin
DZ	An Ailgéir	Gabháil dúl fiáin amháin
EC	Eacuadór	
EG	An Éigipt	Gabháil dúl fiáin amháin
ER	An Eiritré	Gabháil dúl fiáin amháin
FJ	Fidsí	Gabháil dúl fiáin amháin
FK	Oileáin Fháclainne	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
GA	An Ghabúin	Gabháil dúl fiáin amháin
RA	An Ríocht Aontaithe ([2])	
GD	Greanáda	Gabháil dúl fiáin amháin
GE	An tSeoirsia	Gabháil dúl fiáin amháin
GG	Geansaí	Gabháil dúl fiáin amháin
GH	Gána	Gabháil dúl fiáin amháin
GL	An Ghraonlainn	Gabháil dúl fiáin amháin
GM	An Ghaimbia	Gabháil dúl fiáin amháin
GN	An Ghuine	Gabháil dúl fiáin amháin. Éisc nach ndearnadh aon oibríocht ullmhúcháin ná próiseála orthu seachas dícheannadh, dí-inniú, fuarú nó reo agus na héisc sin amháin.
GT	Guatamala	Seachas éisc eite ó dhobharshaothraithe
GY	An Ghuáin	Gabháil dúl fiáin amháin
HK	Hong Cong	Gabháil dúl fiáin amháin
HN	Hondúras	
ID	An Indinéis	
IL	Iosrael ([3])	
IM	Oileán Mhanann	
IN	An India	
IR	An Iaráin	Seachas éisc eite ó dhobharshaothraithe
JE	Geirsí	Gabháil dúl fiáin amháin
JM	Iamáice	Gabháil dúl fiáin amháin

JP	An tSeapáin	
KE	An Chéinia	
KI	Cireabaití	Gabháil dúl fiáin amháin
KR	An Chóiré Theas	
KZ	An Chasacstáin	Gabháil dúl fiáin amháin
LK	Srí Lanca	
MA	Maracó	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
MD	An Mholdóiv	Caibheár amháin
ME	Montainéagró	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
MG	An Mhongóil	
MK	An Mhacadóin Thuaidh	
MM	Maenmar/Burma	
MR	An Mháratáin	Gabháil dúl fiáin amháin
MU	Oileán Mhuirís	
MV	Oileáin Mhaildíve	Gabháil dúl fiáin amháin
MX	Meicsiceo	
MY	An Mhalaeisia	
MZ	Mósaimbíc	Seachas éisc eite ó dhobharshaothraithe
NA	An Namaib	Gabháil dúl fiáin amháin
NC	An Nua-Chaladóin	Seachas éisc eite ó dhobharshaothraithe
NG	An Nigéir	Seachas éisc eite ó dhobharshaothraithe
NI	Nicearagua	Seachas éisc eite ó dhobharshaothraithe
NZ	An Nua-Shéalainn	
OM	Óman	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
PA	Óman	
PE	Peiriú	
PF	Polainéis na Fraince	Gabháil dúl fiáin amháin
PG	Nua-Ghuine Phapua	Gabháil dúl fiáin amháin
PH	Na hOileáin Fhilipíneacha	
PM	San Pierre agus Miquelon	Gabháil dúl fiáin amháin
PK	An Phacastáin	Gabháil dúl fiáin amháin
RS	An tSeirbia	
RU	An Rúis	Gabháil dúl fiáin amháin
SA	An Araib Shádach	
SB	Oileáin Sholomón	Gabháil dúl fiáin amháin
SC	Na Séiséil	Gabháil dúl fiáin amháin
SG	Singeapór	

SH	San Héilin (Gan Tristan da Cunha agus Oileán na Deascabhála san áireamh)	Gabháil dúl fiáin amháin
	Tristan da Cunha (Gan San Héilin agus Oileán na Deascabhála san áireamh)	Gliomaigh (úr nó reoite) ó ghabháil dúl fiáin amháin
SN	An tSeineagáil	Gabháil dúl fiáin amháin
SR	Suranam	Gabháil dúl fiáin amháin
SV	An tSalvadóir	Gabháil dúl fiáin amháin
SX	Sint Maarten	Gabháil dúl fiáin amháin
TH	An Téalainn	
TN	An Túinéis	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
TR	An Tuirc	
TW	An Téaváin	
TZ	An Tansáin	Seachas éisc eite ó dhobharshaothraithe
UA	An Úcráin	Seachas crústaigh ó dhobharshaothraithe
UG	Uganda	
US	Na Stáit Aontaithe	
UY	Uragua	
VE	Veiniséala	
VN	Vítneam	
YE	Éimin	Gabháil dúl fiáin amháin
ZA	An Afraic Theas	Gabháil dúl fiáin amháin
ZW	An tSiombáib	Gabháil dúl fiáin amháin

([1]) I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

([2]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

([3]) Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha atá faoi riar Iosrael ó mhí an Mheithimh 1967, eadhon Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

IARSCRÍBHINN XI

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí cos froganna agus seilidí a thabhairt isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 17

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR NÓ RÉIGIÚIN SA TÍR SIN	NÓTAÍ
AL	An Albáin	
AM	An Airméin	Seilidí amháin
AU	An Astráil	

AZ	An Asarbaiseáin	
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	Seilidí amháin
BR	An Bhrasaíl	Cosa froganna amháin
BY	An Bhealarúis	Seilidí amháin
CA	Ceanada	Seilidí amháin
CH	An Eilvéis [1]	
CI	An Cósta Eabhair	Seilidí amháin
CL	An tSile	Seilidí amháin
CN	An tSín	
DZ	An Ailgéir	Seilidí amháin
EG	An Éigipt	Cosa froganna amháin
RA	An Ríocht Aontaithe [2]	
GG	Geansaí	
GH	Gána	Seilidí amháin
ID	An Indinéis	
IM	Oileán Mhanann	
IN	An India	Cosa froganna amháin
JE	Geirsí	
MA	Maracó	Seilidí amháin
MD	An Mholdóiv	Seilidí amháin
MK	An Mhacadóin Thuaidh	Seilidí amháin
NG	An Nigéir	Seilidí amháin
NZ	An Nua-Shéalainn	Seilidí amháin
PE	Peiriú	Seilidí amháin
RS	An tSeirbia	Seilidí amháin
TH	An Téalainn	Seilidí amháin
TN	An Túinéis	Seilidí amháin
TR	An Tuirc	
UA	An Úcráin	Seilidí amháin
US	Na Stáit Aontaithe	Seilidí amháin
VN	Vítneam	
ZA	An Afraic Theas	Seilidí amháin

[1] I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

[2] I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

IARSCRÍBHINN XV

Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí feithidí a thabhairt isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 24

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR NÓ RÉIGIÚIN SA TÍR SIN	NÓTAÍ
CA	Ceanada	
CH	An Eilvéis	
RA	An Ríocht Aontaithe ([1])	
KR	An Chóiré Theas	
TH	An Téalainn	
VN	Vítneam’	

([1]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.